An tú táinig go Tadhg Dall?

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn,* Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), vol ii, p. 325]

1 An tú táinig go Tadhg Dall
a thaidhbhse táinig chugam?
mun tú é is rochosmhuil ribh
a ghné fhochobhsaidh fhaoilidh.

2 Taidhbhse mná oile i n-amhra
do-chí Tadhg mhac Mathghamhna,
mar taoi, a inghean chruithgheal chorr,
le gcuirthear imneadh orom.

3 An bhean tarbhás do Thadhg Dhall,
a ghnúis ríogh na rosg romhall,
dob ionann gnáth dhí agus duid,
dá thráth nó t[h]rí acht go dtánuig.

4 Beag nách cosmhuil riomsa is ribh,
tuigse, a Thaidhg, athadh d'aimsir,
an inghean níor chrádh cuimse,
lán d'imneadh is d'athtuirse.

5 I ndiaidh ar imdhigh air féin
léd chruth sneachtuighe soilléir,
taidhbhse Taidhg, a chnú chroidhe,
más tú is mairg do meallfaidhe.

6 Ní chluinfeam, ní chuala sinn -
acht taidhbhse Taidhg Í Uiginn -
do mhac samhla riamh roimhe
go dtarla d'iath Úghoine.

7 Iongnadh leam ar neach fa nimh
dar dhealbh Dia dona daoinibh -
aingeal Dé munab duine -
do ghné, a ainnear fholtbhuidhe.

8 Do-chluinfinn fa chlá Bhanbha
dá mbeith bean do bharamhla,
a sduaigh roigheal chéibhfhionn chlaon,
i n-oirear Éirionn d'éantaobh.

9 Abair riom do rún folaigh,
a ghnúis fhaoilidh éagsamhail -
beanfa dhíne ar naidhm anois -
ainm na tíre asar thriallois.

10 Innis damh ’na dTír fa Thuinn
do bhí tú ria dteacht chuguinn,
a chneas mhín ar méin lile,
aréir, nó i dTír Thairngire?

11 Nó innis damh, a rosg mhall,
Tuatha dealbhdha Dé Danann -
cia an sídh i mbí do bhunadh,
nó an í an tír ’sa dtángabhar?

12 Nó a Síothbhrugh Sainbh, nó a Síth Truim
táinig sibh, nó a Síth Sioghmhuill -
bheith gan fhios ní féidir linn -
nó a lios éigin i nÉirinn?

13 Nó dámadh thusa thú féin,
a ghnúis shéaghanta shoilléir,
a ghruadh ghairthe ar ghné na subh,
gan mé dot’ aithne is iongnadh.

14 Ós imtheacht duit ’na dheaghaidh,
truagh an chauirt do chuireabhair;
triall do thógbháil mo thuirse,
a fhial ógnáir áluinnse!

15 Cosmhail riot ar n-imtheacht uaim
gur tríot tánuig an chéaduair
mealladh Taidhg, a fhial fhosaidh;
mairg do thriall san turussain.

16 Mairg do lean led’ dhraoitheacht dhíom,
mairg duit do mhéadaigh m’imshníomh;
mairg, a bhean, do mhear meise,
mairg do gheabh im ghoireise.

17 Má tá nách tusa, a thaobh slim,
tánuig go Tadhg Ó Huiginn,
a throightheach shaor chneasda chorr,
bhar dteasda araon is iononn.